Seanad 100 Éireann

# Plean Ceachta 6. Glórthaí an Tuaiscirt

## Torthaí Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo beidh na daltaí in ann:

1. Plé a dhéanamh ar chúlra polaitiúil, cultúrtha agus sóisialta de chuid Seanadóirí áirithe as Tuaisceart Éireann

## Naisc Churaclaim

- Maidir leis na Seanadóirí a ndéantar cur síos orthu sa cheacht seo, tá ceangail acu le topaicí atá ar Churaclam na Staire (Éire sa Nua-Aois Dhéanach - Topaicí 3 agus 5) agus ar Churaclam na Polaitíochta agus na Sochaí do dhaltaí na hArdteistiméireachta.

## Acmhainní

- Seanad 100 Northern Voices
- Former Senator Ian Marshall
- Former Senator Catherine McGuinness
- Former Senator Martin McAleese
- Decade of Commemorations: Statements

## Forbairt

1. Cén rolla as ar toghadh an Seanadóir Marshall agus cén fhad a bhí sé ina Sheanadóir? (Acmhainn 1)
2. Sa chéad óráid a thug an Seanadóir Marshall sa Seanad, dúirt sé 'Is cinnte gur lá stairiúil é seo, don Teach seo agus dom féin chomh maith'. Agus Acmhainn 2 á húsáid agat, mínigh cén fáth gurbh amhlaidh sin.
3. Cén rolla as ar toghadh Catherine McGuinness? (Acmhainn 1)
4. Déan cur síos achomair ar a ról mar bhreitheamh agus i gcur chun cinn na síochána ar fud na hÉireann (Acmhainn 1 nó Acmhainn 3)
5. Conas a tháinig Martin McAleese chun bheith ina Sheanadóir? (Acmhainn 1)
6. Dhá cheann de na príomh-choincheapa i dTopaic 6 de Shiollabas Staire (Éire sa Nua-Aois Dhéanach) na hArdteistiméireachta is ea traidiúin chultúrtha agus an fhéiniúlacht chultúrtha: Cad a deir an Seanadóir McAleese faoi na coincheapa sin sa tríú halt den óráid a thug sé (Acmhainn 5)?